**Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh lena n-úsáid agus/nó chun iad a úsáid**

*(Foilsithe de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (*[1]*))*

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 163/04)

**Cinneadh lena ndeonaítear údarú**

| Tagairt an chinnidh [1] | Dáta an Chinnidh | Ainm na substainte | Sealbhóir an údaraithe | Uimhir údaraithe | Úsáid údaraithe | Dáta éaga na tréimhse athbhreithnithe | Na cúiseanna atá leis an gcinneadh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| C(2022) 2178 | 11 Aibreán 2022 | 4-(1,1,3,3-Tetra meitiolbúitil)feanól, eatocsailithe<br>(4-tert-OPnEO) Uimh. CE: -, Uimh. CAS:- | DIAGAST, Parc Eurasante 251, avenue Eugène Avinée, 59120 Loos, An Fhrainc | REACH/22/21/0 | Úsáid thionsclaíoch 4-tert-OPnEO le haghaidh a airíonna aimfifileacha, dromchlaghníomhaithe agus neamh-haemalaíocha chun spotaí hidrifileacha rialaithe a chruthú ar sheiciní hidreafóbacha póiriúla (foirm sholadach) d'fhearais dhiagnóiseacha in vitro i gcomhair tástáil fola trí imoibriú antaiginí nó antasubstainte sa raon táirgí seo a leanas: cártaí rialaithe, gléasanna taispeána (pad) láimhe agus ONYX uathoibrithe | 4 Eanáir 2033 | I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, is mó na sochair shocheacnamaíocha ná an riosca do shláinte an duine agus don chomhshaol de bharr úsáid na substainte agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann atá oiriúnach. |

[1] Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Authorisation (europa.eu).

[1] IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.